C/2025/4218

25.7.2025

Foilsiú iarratais ar thásc geografach a chlárú de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle in earnáil an fhíona

(C/2025/4218)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Cârnați din topor din Vâlcea’

Uimh. AE: PGI-RO-03263

Dáta an tíolactha: 11 Meitheamh 2024

1. **Ainm (nó ainmneacha) an TGFC**

‘Cârnați din topor din Vâlcea’

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Rómáin

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 16 — ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

1601 — Ispíní agus táirgí comhchosúla, ó fheoil, scairteach feola, fuil nó feithidí; ullmhóidí bia atá bunaithe ar na táirgí sin

1601 00 91 — Ispíní, iad tirim nó lena leathadh, neamhchócaráilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is ispíní muiceola iad an TGFC ‘Cârnați din topor din Vâlcea’ a dheataítear le hadhmad feá, a bhfuil cruth sorcóireach neamhrialta orthu, agus atá cásáilte i gcásáil nádúrtha (putóg mhuiceola). Is éard atá sna hispíní 80 % feoil agus 20 % saill atá mionghearrtha (mionstiallta) le clíbhéar, rud a fhágann ciúbanna/píosaí feola agus saille atá réasúnta mór suas le 12 mm.

Comhlánaítear an blas agus an boige a fhaightear as an bhfeoil a shailleadh/a leasú le salann Ocnele Mari le blas na spíosraí agus an blas deataithe sonrach a fhaightear ó úsáid adhmaid feá, a dhéanann idirdhealú idir ‘Cârnati din topor din Vâlcea’ agus cineálacha eile ispíní deataithe, i dtéarmaí an mhodha ullmhúcháin agus shaintréithe an táirge araon.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Tá na saintréithe seo a leanas sna hispíní:

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma sheachtrach: Bíonn cruth sorcóireach ar ispíní an TGFC 'Cârnați din topor din Vâlcea', a bhíonn idir 24 mm agus 26 mm ar trastomhas, ar a mbíonn dromchla beagán míchothrom, a bhíonn 30 go 35 cm ar fad agus a mheánn idir 100 agus 150 gram. Táirgtear na hispíní i dtéada suas le 1 m ar fad, agus meáchan thart ar 1 kg iontu.

Uigeacht: leathchrua mar gheall ar phíosaí feola agus í níos boige/leathleaisteach in áiteanna ina bhfuil píosaí saille.

Cuma nuair a bhíonn sé gearrtha/slisnithe: tugann an líonadh garbh muiceola agus saille cuma mhósáice agus siméadrach don tslis, ina mbíonn cáithníní infheicthe ón bpiobar brúite agus tím scaipthe ar fud an dromchla ar fad.

Ní bhíonn aon chnap saille leáite sa táirge faoin gcásáil ná aon chnap blastanais nó gairleoige.

Dath: ar an taobh amuigh, bíonn dath idir ómra agus donn éadrom nó copar ar an gcásáil agus bíonn cuma ghlan agus neamhghreamaitheach uirthi, ar a mbíonn paistí giostaí bána ó am go chéile. Nuair a ghearrtar an táirge, is éard a chruthaíonn na píosaí muiceola, ar a mbíonn dath idir dearg agus dúdhearg, mar aon le dath bán buí na saille, patrún mósáice.

Blas agus dea-bholadh: boladh taitneamhach deataigh, spíosrach, agus blas beagán spíosrach gairleoige agus piobair, measartha goirt, ar a mbíonn mionbhlas deataigh fíneálta.

Saintréithe fisiciceimiceacha

Paraiméadair atá le fíorú	Luachanna incheadaithe
Taise (%)	uasmhéid 62
Saill (%):	uasmhéid 27
Próitéin (%)	íosmhéid 16;
Salann (%)	uasmhéid 2,5

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Is éard atá sna hamhábhair a úsáidtear chun TGFC Cârnați din topor din Vâlcea a dhéanamh píosaí muiceola ó ghearradh, is fearr príomhghearrthacha feola marmaraithe nó sraitheanna ailtéarnacha feola agus saille ina bhfuil céatadán feola/saille de thart ar 80/20 agus cásálacha nádúrtha muiceola (putóg mhuiceola). Ní cheadaítear cásálacha saorga a úsáid.

Comhábhair: Salann (cloch shalainn don tionscal bia a bhaintear as mianach salainn Ocnele Mari), tím (duilleoga triomaithe agus meilte), gairleog (úr), piobar dubh úrmheilte.

Ní úsáidtear aon bhlastán deataigh, ós rud é go ndéantar an deatú go heisiach sa deataitheoir adhmaid feá clasaiceach.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór an próiseas monaraíochta, lena n-áirítear amhábhair, comhábhair agus áiseanna próiseála a fháil, conablaigh agus codanna a ghearradh, mionghearradh le clíbhéar, tirimshailleadh, an taos a ullmhú, cásálacha a líonadh, triomú agus fuardheatú, agus teodheatú ispíní ag úsáid crua-adhmaid, a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, scríobadh, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Bíonn na focail 'Cârnați din topor din Vâlcea' agus lógó an Aontais ar an lipéad.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá na haonaid chríochacha riaracháin seo a leanas sa limistéar geografach sainithe: Mihăești, Ocnele Mari, Frâncești, Popești, Roești, Lăpușata, agus Roșiile in Vâlcea County.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an t-iarratas chun an t-ainm Cârnați din topor din Vâlcea a chlárú bunaithe ar cháil agus ar shaintréithe sainiúla an táirge, amhail salann ó mhianach salainn Ocnele Mari a úsáid chun an fheoil a leasú, agus deatú dúbailte na n-ispíní ag úsáid crua-adhmaid.

Tá dlúthnasc idir an stair a bhaineann le hispíní a tháirgeadh agus forbairt na dteaghlach a bhaineann go sonrach leis an limistéar críochaithe, leis na limistéir thalmhaíochta agus leis na traidisiúin a bhaineann le táirgí muiceola a ullmhú trí úsáid a bhaint as acmhainní nádúrtha.

Tá na hispíní sin difriúil le táirgí eile atá sa chatagóir chéanna leo mar gheall ar a ndath, a mblas agus a ndea-bholadh, agus áirithítear cothromaíocht an bhlais leis an meascán spíosraí a úsáidtear (choch shalainn ó Ocnele Mari, tím, piobar, gairleog) agus deatú dúbailte ag úsáid crua-adhmaid.

Is mar gheall ar an gcóimheas idir feoil agus saill thart ar 80:20, mar gheall go miongheartar an fheoil de láimh trí chlíbhéar a úsáid, go n-aosaítear an fheoil trí thirimshailleadh, go n-úsáidtear fuardheatú lena leasú agus go n-úsáidtear teodheatú chun blas deataigh fíneálta a thabhairt do na hispíní a bhfuil na saintréithe orgánaileipteacha atá in ispíní an TGFC 'Cârnați din topor din Vâlcea'iontu.

Tá déine an bhlais mar thoradh ar an meascán de mhacrachothaithigh (Ca, Mg, Na, K) agus de mhicreachothaithigh (Fe, Cu, Zn, Mn, Co) ón salann a úsáidtear ó Ocnele Mari agus ar an modh a úsáidtear chun na bpíosaí a ghearrtar le clíbhéar a aosú, cuirtear gníomhaíocht einsímí próitéalaíocha inginiúla chun cinn dá thoradh sin.

Tacaíonn foraoisí Chontae Vâlcea le brainse tábhachtach eacnamaíoch den chontae, is é sin foraoiseolaíocht agus foraoiseacht, rud a chuireann go mór le geilleagar an chontae. Tá flúirse adhmaid feá i bhforaoisí Chontae Vâlcea agus tá sé ar fáil do mhuintir na háite lena úsáid sa bhaile agus dá bhrí sin le haghaidh táirgí feola a dheatú.

Chuidigh na gnéithe sin le feabhas a chur ar scileanna na dtosca daonna ó ghlúin go glúin agus, dá réir sin, ar shaintréithe Cârnați din gopor din Vâlcea.

Sa limistéar geografach críochaithe, le táirgeadh táirgí feola a dheataítear le crua-adhmhad agus atá déanta as "rîmîtorii de Crîciun" (seanainm ar mhuca), caomhnaítear ceardaíocht/traidisiúin ársa an limistéir chríochaithe a luaitear i roinn 4.

Ó thaobh na staire de, saintréith shainiúil eile den chaoi a n-ullmhaítear na hispíní is ea go ndéantar an fheoil a mhionghearradh de láimh trí chlíbhéar a úsáid; fianaise air sin is ea an cur síos atá sa leabhar *Despre Bucate și rânduială* [Miasa agus Traidisiúin], *Editura Scripta*, 2009, faoi chomhordú an Dr Nicolae Rauș, ar leathanach 248: "(...) Is é an chéad mhias, agus is iad a chuireann tús leis na béilí, na feolta saillte, stofa agus deataithe... agus ansin na hispíní deataithe. Ní mór an fheoil a roghnú go cúramach, loingeán a ghlanadh di agus í a mhionghearradh le 'satâr' (an t-ainm áitiúil ar chlíbhéar), ansin déantar saill mhuiceola amh a mheascadh, a ghearradh go mín, agus a mhionú le salann, (...), agus clóibh gairleoige brúite (...)"

De réir teistiméireachtaí mhuintir na háite sa limistéar geografach: "Le haghaidh na Nollag, na Bliana Nua nó Lá Nollag Beag gearraimid suas an mhuc agus ullmhaímid na hispíní mar seo: roghnaímid feoil na coise agus, mura bhfuil sí sách sailleach cuirimid beagán níos mó saille mhuiceola amh léi agus ansin mionghearraimid í le tua nó leis an gclíbhéar speisialta chun feoil a mhionghearradh. (...) (...) Ansin tógaimid na putóga, glanaimid iad le scian bearrtha saille, rinseálaimid iad in uisce agus líonaimid iad, agus cuirimid ar thráidire adhmaid iad in áit dhea-aeráilte chun iad a thriomú. Fágaimid ansin iad ar feadh lae, agus ansin deataímid iad le hadhmad feá (...)", i bhfocail Elena Olaru, atá 88 mbliana d'aois agus arb as bardas Roșiile, Contae Vâlcea í, i ráitis a foilsíodh an 9 Feabhra 2024 ar shuíomh gréasáin bhardas Roșiile, atá mar chuid den limistéar geografach (https://www.facebook.com/ComunaRosiile/posts/768499045314218).

Is féidir fianaise ar cháil an táirge a fháil i gcónaí i líon mór foilseachán speisialaithe eolaíoch nó eitneagrafach (sainailt, tráchtais dochtúireachta), monagraif arna scríobh ag na pobail sa limistéar geografach, ailt phreasa, agus agallaimh teilifíse. Is díol spéise ar leith é an tráchtas dochtúireachta *Studiul privind influența frăgezii mecanice asupra calității unor produse tradiționale din carne de porc* [Staidéar ar thionchar an mhaothaithe mheicniúil ar cháilíocht táirgí feola traidisiúnta], a cosnaíodh in 2015 in Ollscoil Craiova, Dámh na Staidéar Meicniúil – Scoil Dochtúireachta na hInnealtóireachta, faoi chomhordú Mircea Bădescu, a rinne anailís ar éifeachtaí mhaothú meicniúil na muiceola agus, dá bhrí sin, ar an tionchar agus ar na saintréithe sonracha a thugann an t-ábhar amh sin do na hullmhóidí muc sin ina n-úsáidtear é.

Tar éis 1989, i mbardas Mihăești, Contae Vâlcea, ghlac gnólachtaí beaga oideas ispíní Vâlcea chucu féin, rud a chaomhnaigh an traidisiún áitiúil sa limistéar geografach, trí roinnt ullmhóidí a tháirgeadh lenar bhain sainiúlacht áitiúl.

Tá go leor tagairtí ann do cháilíocht an táirge agus do na hamhábhair a úsáidtear chun é a dhéanamh, chomh maith le saineolas na mbúisteoirí muiceola ceardaí a fhágann, ón nóiméad a ghearrann siad an t-amhábhar go dtí go gcríochnaítear an táirge, lorg an traidisiúin agus na staire ar an táirge, rud a chuireann le cáil TGFC Cârnați din topor din Vâlcea, ar cáil í atá ag dul i méid.

D'fhoilsigh an nuachtán *Arena Vâlcenă* an 28 Eanáir 2024 alt dar teideal *Cârnații din topor de la Vâlcea în prim plan la expoziția de la Berlin* [Cârnați din topor de la Vâlcea i lár an aonaigh ag taispeántas Bheirlín] (https://arenavalceana.ro/carnatii-din-topor-de-la-valcea-in-prim-plan-la-expozitia-de-la-berlin/); d'fhoilsigh an nuachtán digiteach *profit.ro* alt sa rannán Agraghnó an 19 Eanáir 2024 dar teideal *Ministerul Agriculturii va promova produse românești tradiționale la Berlin. Cârnați din topor din Vâlcea, carne afumată la garniță din Vâlcea, brânjă în coajă de brad de Bran* [Cuirfidh an Aireacht Talmhaíochta táirgí traidisiúnta na Rómáine chun cinn i mBeirlín. Cârnați din topor din Vâlcea, feoil dheataithe a fhriochtar i mblonag ó Vâlcea, cáis atá clúdaithe le coirt ghiúise ó Bran] (nasc: https://www.profit.ro/povesti-cu-profit/agribusiness/ministerul-agriculturii-va-promova-produse-romanesti-traditionale-la-berlin-carnati-din-topor-din-valcea-carne-afumata-la-garnita-din-valcea-branza-in-coaja-de-brad-de-bran-21466076); An 24 Eanáir 2024, d'fhoilsigh *Revista fermierului* alt dar teideal *Cârnații din topor din Vâlcea cuceresc Lumea* [Cârnați din topor din Vâlcea i mbarr a réime ar fud an domhain] (nasc: https://www.revistafermierului.ro/din-revista/satul-romanesc/item/6016-carnatii-din-topor-din-valcea-cuceresc-lumea.html).

Cuirtear clú agus cáil ispíní TGFC Cârnați din Vâlcea i dtábhacht freisin san fhoilseachán áitiúil *Râmnicu Vâlcea Week* an 13 Eanáir 2020 (https://www.ramnicuvalceaweek.ro/o-fabricuta-din-valcea-exporta-carne-la-garnita-caltabosi-carnati-din-topor-in-7-state-europene/), ina ndéanann an scríbhneoir cur síos ar an traidisiún a bhaineann le muiceoil a bhaineann go sonrach leis an limistéar críochaithe a ullmhú. "Tugtar 'cârnați din topor' orthu toisc gur ghearramar an fheoil de láimh le clíbhéar, i bpíosaí idir 2 agus 3 cheintiméadar, mar a rinne ár seantuismitheoirí agus ár sin-seantuismitheoirí. Tugtar 'topor' ar an gclíbhéar feola sa limistéar geografach. Úsáidtear ainmneacha áitiúla eile freisin, amhail 'toporișcă', 'satâr' nó 'bardă' chun an t-ainm 'Cârnați din topor căădată' a chur chun cinn le breis agus 20 bliain anuas. Is tarsainn nádúrtha iad na tarsainn a úsáidimid: salann, piobar agus tím. Is oideas an-sean é a théann siar beagnach céad bliain", a dúirt Mihaela Antonie.

Ina tionscadal *Călătorie prin țara mea întoarcerea la tradiții și obiceiuri străvechi* [Ag taisteal trí mo thír ag foghlaim faoi thraidisiúin agus nósanna ársa], chuir an cócaire Maria Spinciu an traidisiún gastranómach atá in Vâlcea chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Náisiúnta na Rómáine an 1 Nollaig i láthair (https://www.facebook.com/share/p/3ba3i7aBHAZoroXh/, an 1 Feabhra 2024). Dúirt sí, nuair a ullmhaítear le hiarracht mhór é, go bhfuil airíonna blais ag an ispín sin atá mionghearrtha le clíbhéar nach bhfuil a sárú le fáil in aon réimse eile táirgí traidisiúnta: "Is é 'Cârnați din topor' an ullmhóid mhuiceola is sine dá bhfuil ann agus tá ár n-ardmheas tuillte acu siúd a n-éiríonn leo oideas an táirge sin a chaomhnú. Inniu d'ullmhaigh mé bia traidisiúnta ceiliúrtha de chuid na Rómáine, lena n-áirítear táirgí feola ó na laethanta a chuaigh thart. (...) Is cinnte go mbíonn blas ar 'Cârnați din topor' a thugann siar ar bhóithrín na smaointe muid go dtí ár n-óige, siar go dtí tráth ár seantuismitheoirí agus go dtí timpeallacht shláintiúil."

In *Revista Fermierului* an 24 Eanáir 2024 (https://www.revistafermierului.ro/din-revista/satul-romanesc/item/6016-carnatii-din-topor-din-valcea-cuceresc-lumea.html), in alt dar teideal Cârnații din topor din Vâlcea cuceresc Lumea [Cârnați din topor din Vâlcea i mbarr a réime ar fud an domhain], insítear scéal Cârnați din topor din Vâlcea: "Déantar an fheoil le haghaidh cârnați din topor a roghnú go han-chúramach, agus is feoil í atá ar cháilíocht an-mhaith.

Faightear an ullmhóid thraidisiúnta dheimhnithe 'Cârnați din topor din Vâlcea' go heisiach ó mhuiceoil, gearrtha ina píosaí le scian agus spíosraí nádúrtha croite uirthi: gairleog úr, tím thriomaithe, piobar agus salann. Fágtar í ag maothú, ionas gur féidir leis na spíosraí cumasc agus chun blas na feola a thabhairt chun foirfeachta. Ansin déantar na cásálacha nádúrtha (putóga muiceola) a líonadh leis an bhfeoil sin, fágtar í ag triomú agus deataítear í go mall (le hadhmad feá) go dtí go dtagann dath nádúrtha an chopair ar na hispíní.

B'fhéidir go bhfuil tú ag smaoineamh ar an bhfáth a dtugtar 'din topor' ar na hispíní sin. Céad bliain ó shin, ní raibh aon uirlis ghearrtha ann mar atá sa lá inniu ann, agus d'úsáidtí an 'topor' i limistéar Vâlcea go traidisiúnta mar uirlis le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla. Mar shampla, roghnaíodh mná tí a gcuid feola agus dhéanaidís í a mhionghearradh le 'topor'."

Chuidigh cur chun cinn TGFC Cârnați din topor din Vâlcea trí ardáin dhinimiciúla idirghníomhacha, mar aon le comhtháthú straitéiseach na meán agus na meán sóisialta i bhfeachtais faisnéise bhaill an ghrúpa iarratasóra, le hidirghníomhaíocht dhíreach a chruthú leis an tomhaltóir, rud a chuir deiseanna idirphlé agus aiseolais ar fáil, rud a mhéadaigh infheictheacht agus éileamh an táirge sna margaí intíre agus onnmhairiúcháin araon.

Tá TGFC Cârnați din topor din Vâlcea ar cheann de na hullmhóidí feola is coitianta sa limistéar geografach críochaithe agus tá eolas ag tomhaltóirí ar fud na tíre air, mar tá sé ar bhiachláir bialann cáiliúil amhail Hanu' lui Manuc, Casa Elena Lupescu, Casa Oprea Soare agus Hanu' Berarilor. Ag Hanu' lui Manuc, soláthróir de chuid Theach Ríoga na Rómáine, áirítear an táirge ar an mbiachláir faoin ainm 'cârnați din topor la jar' [ispíní a dheataítear os cionn na n-aibhleog] nó 'cârnați din topor din Vâlcea'.

Ba mhór riamh ag custaiméirí, ag údaráis agus ag an bpreas go raibh ispíní TGFC Cârnați din topor din Vâlcea le fáil ag aontaí náisiúnta agus idirnáisiúnta (Grune Woche i mBeirlín, Anuga in Köln, SIAL Paris), mar gheall ar a bhlas, a dhea-bholadh, a cháilíocht agus mar gheall ar an scéal taobh thiar den táirge.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://madr.ro/docs/ind-alimentara/2025/caiete-de-sarcini-2024/CAIET-DE-SARCINI-CARNATI-DIN-TOPOR-DIN-VALCEA-rev1.pdf